An Luan: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a bhím cneasta agus comhbhách

Cíor

Bí ag labhairt leis na daltaí maidir le téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana; **Scoileanna Caitliceacha: Tugtar Ár nDúshlán Trócaire Dé a Fhógairt**. An bhfuil focal ar bith sa téama seo nach dtuigtear go hiomlán? Déan an bhrí a bhaineann na daltaí as an bhfocal 'dúshlán' a chíoradh. Cén fáth gur dúshlán é trócaire Dé a fhógairt?

Cad is brí leis na focail 'a fhógairt'? Focal láidir atá ann, agus caithfear é a rá ar bhealach sochreidte, ar bhealach a thugann le fios don phobal go gcreideann tú ann, agus go mbeidh beart á dhéanamh de réir do bhriathair. Is mar seo a labhair Íosa leis na deisceabail; 'Imígí faoin domhan uile agus fógraígí an soiscéal don chruthaíocht uile'. (Marcas 16:15).

Céard faoin bhfocal 'trócaire', – cad a chiallaíonn sé dúinn? Cad is brí le trócaire Dé? Nuair a bhímid ag trácht ar thrócaire Dé, ciallaíonn sé go dtugtar maithiúnas dúinn, fiú mura mbíonn sé tuillte againn. De réir an Phápa Proinsias, bíonn trócaire á léiriú againn nuair a dhéanaimid neamhaird ar a bhfuil ar an taobh amuigh, agus breathnú ar an gcroí istigh. Bíonn ceacht maidir le trócaire Dé le foghlaim againn ón mbealach inar dhéileáil Íosa le daoine. Aithnímid trócaire Dé ar aghaidh Íosa.

Tabharfar dúshlán in aghaidh an lae dúinn i rith na seachtaine seo trócaire Dé a léiriú, bheith mar aghaidh thrócaireach Dé ar bhealaí éagsúla. Ar an gcéad lá de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha beimid ag díriú ar na bealaí ina bhféadfaimis trócaire Dé a léiriú trí bheith cneasta comhbhách.

Pléigh

Scríobh an focal 'trócaire' ar an gclár bán agus iarr ar na mic léinn brí an fhocail a mhíniú duit. Scríobh síos an méid a deir siad.

- Cathain a úsáideann siad an focal 'trócaire'?
- Ar léirigh siad trócaire i leith dhuine eile riamh?
- Ar léirigh aon duine trócaire ina leith féin?
- Conas a mhothaigh siad an uair sin?

Céard faoi thrócaire Dé? Cén áit a gcloisimid faoi thrócaire Dé? Luaitear an focal 'trócaire' 341 uair sa Bhíobla. Uaireanta bíonn na focail seo leanas in úsáid in ionad 'trócaire' sa Bhíobla:

Cneastacht **Cneastacht Ghrámhar** **Maitheas** **Comhbhá**

An raibh aon cheann de na focail seo le sonrú ar an liosta a chuir an rang le chéile?

An Bhfuil a Fhios Agat?
Tá an focal 'trócaire' chomh tábhachtach sin, go bhfuil ceann de na focail thuas in úsáid i 47 den 63 leabhar atá sa Bhíobla, chun 'trócaire' a léiriú.

Cuimhnigh air, go ndúirt an Pápa Proinsias, go mbíonn trócaire á léiriú againn nuair a dhéanaimid neamhaird ar a bhfuil ar an taobh amuigh, agus breathnú ar an gcroí istigh; bímid cneasta comhbhách mar sin.

Déan

Roinn na mic léinn i ngrúpaí beaga agus tabhair an tasc seo leanas dóibh, agus iad ag baint úsáide as na bileoga oibre ar na leathanaigh a leanann. Iarr orthu tuairisceoir a ainmniú a thabharfaidh cur síos don rang ar an obair a rinne an grúpa. Cuir na bileoga oibre líonta ar an gclár fógraí SSC 2016 sa seomra ranga.

Bileog Oibre
Tugtar dúshlán dúinn smaoineamh ar bhealaí ina bhféadfaimis a bheith cneasta comhbhách inniu. Smaoinigh ar thrí rudaí a bheadh le déanamh i ngach aon cheann de na háiteanna seo:
1. Sa seomra ranga
2. Sa chlós
3. Sa bhaile

Sa Seomra Ranga

1.

_ _

2.

_ _

3.

_ _

Sa Chlós

1. _ _ _

Sa Bhaile

1. _ _ _

An Mháirt: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhaithim agus nuair a dhéanaim athmhuintearas

Achoimriú

Bhíomar ag trácht inné ar théama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2016, **Scoileanna Caitliceacha: Tugtar Ár nDúshlán Trócaire Dé a Fhógairt**. Labhraíomar mar gheall ar thrócaire Dé, agus tugadh ár ndúshlán trócaire Dé a léiriú i leith daoine eile trí bheith cneasta comhbhách. Luamar na bealaí ina bhféadfaimis cneastacht agus comhbhá a léiriú sa seomra ranga, sa chlós, agus sa bhaile.

Iarr ar na daltaí cuid de na smaointe a bhí acu a thabhairt chun cuimhne. Tabhair cuireadh dóibh suí go ciúin ar feadh cúpla nóiméad agus smaoineamh ar an mbealach inar thug siad freagra ar an dúshlán. Meabhraigh dóibh nach dúshlán aonuaire atá i gceist, ach go n-iarrtar orainn feidhmiú mar seo i gcónaí toisc gur cairde le Críost sinn. Déan an 'Ár nAthair' a ghuí le chéile sula dtugtar aird do dhúshlán an lae inniu.

Cíor

Iarrtar orainn inniu smaoineamh ar na bealaí ina bhféadfaimis trócaire Dé a léiriú nuair a mhaithimid do dhaoine eile, agus athmhuintearas a dhéanamh. An dúshlán deacair é seo? Cad a lorgaíonn Dia uainn maidir leis na daoine a chuireann isteach orainn? An bhfuil sé éasca maithiúnas a thabhairt don duine a chuir isteach ort? An éasca an rud é athmhuintearas a dhéanamh le duine eile má bhíonn an locht ortsa?

Tá go leor scéalta sa Bhíobla a mhúineann dúinn conas maithiúnas Dé a thaispeáint, agus athmhuintearas a léiriú. Éistimis le scéal amháin ó shoiscéal Lúcáis (15:11-32). Mar mhalairt air seo d'fhéadfaí an físeán ag: www.safeshare.tv/v/ss564b205e10085 a thaispeáint.

An Mac a Bhí Caillte

Dúirt sé freisin: "Bhí fear ann a raibh beirt mhac aige. Agus dúirt an duine ab óige acu lena athair: 'A athair, tabhair dom an chuid den sealúchas atá ag titim chugam.' Agus roinn sé a mhaoin shaolta eatarthu. Agus i gcionn beagán laethanta, tar éis don mhac abóige gach ní a bhailiú le chéile, d'imigh sé ar an gcoigrích go tír i gcéin, agus scaip a shealúchas ansiúd, ag tabhairt a shaoil go drabhlásach.

Nuair a bhí gach aon ní caite aige, tháinig gorta millteach sa tír sin, agus thosaigh sé féin bheith in uireasa. D'imigh sé agus rinne fostú le duine de mhuintir na tíre sin, agus chuir seisean faoina chuid talún é ag aoireacht mhuc.

Agus ba é ba mhian leis a bholg a líonadh de na féithleoga a d'itheadh na muca, agus ní thugadh aon duine dó iad.

Ach tháinig sé chuige féin agus dúirt: 'Cá liacht de lucht tuarastail ag m'athair a bhfuil fuílleach aráin acu, agus mise anseo ag fáil bháis den ghorta!

Cuirfidh mé chun bóthair agus rachaidh mé chun m'athar agus déarfaidh mé leis: A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm; déan díom mar a bheadh duine de do lucht tuarastail.'

Chuir sé chun bóthair ag triall ar a athair. Ach le linn dó fós bheith i bhfad uaidh, chonaic a athair é agus ghabh trua é, agus rith sé chuige, á chaitheamh féin ar a bhráid agus á mhúchadh le póga.

Dúirt an mac leis: 'A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm.'

Ach dúirt an t-athair lena sheirbhísigh: 'Beirigí amach gan mhoill an éide is uaisle agus cuirigí air í, agus cuirigí fáinne ar a mhéar agus cuaráin ar a chosa, agus tugaigí libh an lao biata agus maraígí é, agus bímis ag ithe agus ag aoibhneas; óir bhí an mac seo agam marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é.' Agus thosaigh siad ag déanamh aoibhnis."Bhí an mac ba shine aige ar fud na talún, agus nuair a tháinig sé i ngar don teach, chuala an ceol agus an rince. Ghlaoigh sé chuige duine de na giollaí agus d'fhiafraigh de cad é an rud é seo a bhí ar bun. Dúirt seisean leis: 'Do dheartháir a bheith tagtha, agus mharaigh d'athair an lao biata de chionn go bhfuair sé ar ais slán é.'

Ach bhí fearg air agus níorbh áil leis dul isteach. Tháinig a athair amach ag achainí air. Ach dúirt sé lena athair á fhreagairt: 'Féach féin a bhfuilim de bhlianta ag seirbhís duit agus ní dheachaigh mé riamh thar do réir, agus riamh níor thug tú dom mionnán gabhair chun go ndéanfainn aoibhneas le mo chairde. Ach an mac seo agat nuair a tháinig sé, tar éis do mhaoin shaolta a ídiú le striapacha, mharaigh tú an lao biata dó.'

Ach dúirt sé leis: 'A mhic, bíonn tusa liom i gcónaí, agus gach a bhfuil agam is leat;
ach bhí sé ceart aoibhneas a dhéanamh agus áthas, óir bhí an deartháir seo agat marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é.'"

Pléigh

Caith cúpla nóiméad ar an scéal a phlé, ag déanamh deimhin de go dtuigeann na daltaí an méid a chuala siad, nó a chonaic siad. Bain úsáid as an gcairt seo le súil a chaitheamh siar ar na príomh-cheachtanna a bhí le foghlaim ón scéal. Abair leo seasamh suas má cheapann siad go bhfuil an ráiteas fíor, agus suí má bhíonn sé bréagach.

	Fíor	Bréagach
Bhí beirt iníon ag an bhfear a bhí sa scéal.		✓
Fear saibhir a bhí sa scéal.		
Theastaigh ón mac ba shine a chuid den sealúchas a fháil, le go bhféadfadh sé dul as baile		
Bhí an t-athair ar nós Dé toisc gur mhaith sé don mhac óg.		
Ní raibh aon ghrá ag an athair don mhac ba shine, toisc go raibh seisean míshásta nuair a d'fhill a dheartháir		
Bíonn grá leanúnach ag Dia dúinn, fiú nuair nach mbíonn a chuid grá tuillte againn.		
Cabhraíonn an scéal linn tuiscint a bheith againn maidir le grá Dé dúinn.		
Taispeánann an scéal an bealach ina dteastaíonn ó Dhia go mbeadh grá dá chéile á léiriú againn.		

Déan

- Cad iad na focail is fearr a chuireann síos ar an athair seo?
- I ngrúpaí de cheathrar, scríobh deich bhfocal ar a laghad a chuireann in iúl an saghas tuismitheora a bhí san athair seo.
- Ceap rúnaí agus tuairisceoir do gach aon ghrúpa.
- Roghnaigh beirt leis na focail go léir a dúirt na tuairisceoirí éagsúla os ard a scríobh ar an gclár bán.
- Cé chomh minic agus a úsáidtear na focail chéanna?

Déanann na focail seo cur síos ar cén sórt duine eile?
Roghnaigh ceann de na focail seo a thaitneodh leat dá n-úsáidfí é le cur síos ar an mbealach ina mbíonn tusa ag déileáil le daoine.

Is féidir an bhileog oibre ar an gcéad leathanach eile a úsáid mar theimpléad le go bhféadfadh na mic léinn a rogha focal a scríobh. Is féidir na boscaí a ghearradh amach agus a chur ar taispeáint ar chlár fógraí SSC 2016.

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

Tugann Dia ár nAthair cabhair dom a bheith ...

An Déardaoin: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a dhéanaim an ceart is an chóir

Achoimriú

Labhair leis na daltaí maidir leis na focail a bhí in úsáid i rith na seachtaine le cur síos ar an mbealach ina mbeimis mar aghaidh thrócaireach Dé. Bain úsáid as an gclár fógraí le hathbhreithniú a dhéanamh ar na focail.

Cíor

Inniu déanfaimid taighde ar na bealaí ina mbeimis mar aghaidh thrócaireach Dé nuair a bhímid cothrom agus cóir. Cén chiall a bhainimid as na focail sin? Cén uair a bhíonn sé de dhualgas orainne bheith cothrom agus cóir? Conas is féidir linn cabhrú le daoine eile a bhíonn ag obair go dian, ach nach mbíonn ceart agus cóir ar fáil dóibh? Beidh cluiche á imirt againn a bhfuil ceacht le foghlaim uaidh, agus is féidir plé a dhéanamh faoin ábhar sin chomh maith.

Pléigh

Imir an cluiche 'Scoilteog Bhanana', cluiche a cuireadh in oiriúint ó Cafod.org.

Conas an Cluiche a Imirt

Abair leis na páistí go mbeidh cluiche á imirt agaibh a thugann léargas ar aistear an bhanana ón uair a easpórtáiltear ón phlandáil i Meiriceá Láir (nó sna hoileáin Chairibeacha) é go dtí go dtagann sé chun an tí againn.

Déan an rang a roinnt i gcúig ghrúpa, agus bíodh ceann de na poist éagsúla a bhaineann le táirgeadh bananaí agus leis an slabhra bananaí le glacadh chucu féin ag gach aon cheann acu.

An Chéad Bhabhta

1. Dáil amach na róil seo leanas:
   a) Táirgeoir/Oibrí Bananaí
   b) Úinéir Plandála
   c) Lastóir
   d) Allmhaireoir agus Aibitheoir
   e) Siopa nó Ollmhargadh

(*Déan deimhin de go bhfuil ról an duine ag na mic léinn*)

2. Déan na grúpaí a scaipeadh amach. Dáil amach na rólchártaí agus abair le daoine an t-eolas a léamh. Tabhair nóiméad nó dhó dóibh ullmhú don tasc.
3. Abair leo go gcosnaíonn banana amháin 30c.
4. Caithfidh siad a dhéanamh amach cé mhéad airgead a thuillfidh siad don obair a dhéanann siad sa slabhra bananaí.
5. Déantar plé air seo agus caithfear fáthanna a lua maidir leis an íocaíocht sin bheith tuillte acu.
6. Abair leis na grúpaí an t-eolas sin a roinnt agus an réasúnaíocht a mhíniú.

An Dara Babhta

Beidh sé le rá go mbeidh breis agus 30c san iomlán tuillte acu ar fad. Beidh ar na grúpaí dul chun margaidh arís leis an fhadhb seo a réiteach.

1. Roghnaigh urlabhraí in aghaidh an ghrúpa, agus abair leo cur agus cúiteamh a dhéanamh go dtí go dtagann iomlán na n-íocaíochtaí go 30c.
2. Nuair a bhíonn comhaontú eatarthu mar gheall ar an airgead a roinnt, abair leo conas mar a roinntear an t-airgead a thagann chuig Meiriceá Laidineach nuair a dhíoltar an banana. (Tá an roinnt le sonrú ag bun an leathanaigh).

Ionas go rachadh sé i bhfeidhm orthu, tabhair 30c don dream a fheidhmíonn mar an grúpa siopadóirí. Abair leo a scar féin a choimeád, agus an chuid eile a chur ar aghaidh chuig grúpa an aibitheora, coimeádann siadsan a scar féin agus cuireann an farasbarr ar aghaidh chuig an lastóir, agus mar sin de chuig na húinéirí agus ansin chuig na hoibrithe.

Moltaí don Phlé

- An bhfuil na cúrsaí seo cóir?
- Cén fáth go roinntear an 30c mar sin?
- Cé acu a bhíonn an chumhacht, agus cén fáth?
- An bhféadfaí an staid seo a fheabhsú?
- An bhfuil ról againne, na daoine a cheannaíonn na bananaí, sa scéal seo?
- An íocfá féin breis airgid ar na bananaí dá mbeifeá cinnte go bhfaigheadh na táirgeoirí agus na hoibrithe íocaíocht chothrom, nó íosphá maireachtála ar a laghad uaidh?
- Ar chuala tú riamh faoi 'Cóirthrádáil' nó an bhfaca tú an suaitheantas thíos ar earraí bia a bheadh sa bhaile agaibh?

FAIRTRADE

Déan

Faigh amach ainmneacha na siopaí ar an mbaile ina mbíonn bananaí nó earraí 'Cóirthrádáil' ar fáil iontu. Bí ag caint le do thuismitheoirí féin maidir leis na bananaí a cheannaíonn siad, agus mol dóibh na bananaí 'Cóirthrádáil' a lorg ón siopa an chéad uair eile.

Téigh chuig: www.cafod.org.uk/Education/Bunscoil-schools/Fair-trade áit ina bhfuil breis eolais ar fáil.



An Aoine: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhairim ar nós Íosa

Cíor

Céard a d'fhoghlaimíomar i rith na seachtaine seo faoi na bealaí ina bhféadfaimis a bheith mar aghaidh thrócaireach Dé?

Pléigh

Samhlaigh an difríocht a ndéanfaí ar domhan dá mbeadh gach duine ag iarraidh a bheith mar aghaidh thrócaireach Dé in aghaidh an lae. Is é seo an rud a lorgaíonn Íosa uainn. Gach lá a chaith sé ar domhan, thug sé an dea-shampla dúinn. Tá a leithéid ar eolas againn ón méid atá le sonrú faoina shaol sa Bhíobla. Toisc nach bhfuil Íosa ar domhan a thuilleadh, tá sé de dhualgas orainne feidhmiú ina áit, bheith ar aon dóigh leis, maireachtáil dá réir.

Bhí naomh ann in anallód darb ainm Treasa d'Avila a scríobh na focail seo:

> Níl corp ar bith ag Críost anois seachas do chorp féin. Níl lámha ná cosa ar domhan aige seachas do chuidse. Is trí do shúile féin a bhreathnaíonn sé go comhbhách ar an domhan seo.
> Is leatsa na cosa lena gcuireann sé chun bóthair leis an mhaitheas a dhéanamh.
> Is leatsa na lámha trína gcuireann sé a bheannacht ar an domhan uile.
> Is leatsa na lámha, Is leatsa na cosa, is leatsa na súile, is tusa corp Chríost.
> Níl corp ar bith ag Críost anois seachas do chorp féin.

Scríobh sí na focail seo le spreagadh a thabhairt dúinn maidir le bheith mar aghaidh thrócaireach Dé ar domhan. Cuireann na focail seo in iúl dúinn go bhfuil misean agus dúshlán romhainn mar lucht leanúna Íosa, bheith mar chorp Chríost ar domhan.

An féidir linn an dúshlán a fhreagairt?

Déan

Críochnaigh an abairt thíos.

Tugaim freagairt ar an dúshlán bheith mar aghaidh thrócaireach Dé nuair ...

_ _ _ _